



#NoBirdFlu - Cúlra an fheachtais

Is galar víreasach an-tógálach é an fliú éanúil, ar a dtugtar fliú na n-éan de ghnáth, a théann i bhfeidhm go príomha ar éanlaith chlóis agus ar éin uisce fhiáine. Is féidir le ráigeanna an-dochar a dhéanamh do dhaonraí éanlaithe clóis, cur isteach ar shlabhraí soláthair, agus dochar a dhéanamh do shlite beatha na bhfeirmeoirí. D'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an tsláinte phoiblí freisin.

Is gnách go dtiocfaidh méadú ar chásanna fhlíú na n-éan san Eoraip i rith mhíonna an gheimhridh, nuair a bhíonn éin imirceacha ag taisteal agus ag cruinniú ar fud na mór-roinne. Is féidir leis na héin sin teagmháil a dhéanamh le héanlaith chlóis agus iad a ionfhabhtú leis an víreas. Idir mí Dheireadh Fómhair 2025 agus mí an Mheithimh 2026, braitheadh beagnach 8 000 ráig san Eoraip. Na braith in éin fhiáine, bhí siad ceithre oiread ní b'airde ná mar a bhí sa gheimhreadh roimhe sin. Ar fheirmeacha éanlaithe clóis, d'eascair formhór na n-ionfhabhtuithe as teagmháil indíreach le héin fhiáine. Léiríonn sé sin go láidir a thábhachtaí atá sé bearta láidre bithshlándála a chur i bhfeidhm chun teorainn a chur le tabhairt isteach ón bhfiadhúlra agus le scaipeadh ó fheirm go feirm.

An dea-scéala ná gur féidir le bearta simplí réamhghníomhacha an baol go dtiocfaidh an víreas isteach ar fheirmeacha nó go scaipfidh sé orthu a laghdú. Ní hamháin go bhfuil na bearta sin ábhartha d'fheirmeoirí, ach tá siad ábhartha freisin d'aon duine a oibríonn ar fheirmeacha éanlaithe clóis nó a thugann cuairt orthu, lena n-áirítear oibrithe, soláthraithe nó cuairteoirí eile.

Chun feasacht a mhúscailt maidir leis na bearta sin, tá feachtas á reáchtáil i gcomhpháirt ag an **Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia** (EFSA) agus ag an **gCoimisiún Eorpach** an fómhar seo, feachtas ina ndírítear ar fheirmeoirí agus ar dhaoine atá ag obair le héanlaith chlóis. Trí na céimeanna simplí sin a leanúint, is féidir leo sláinte ainmhithe agus sláinte phoiblí a chosaint, tacú le táirgeadh cobhsaí bia agus cur isteach ar thrádáil a íoslaghdú.

Spriocphobail agus tíortha

Cé gur féidir le fliú na n-éan difear a dhéanamh d'fheirmeacha de gach méid, díreoidh feachtas 2026 go háirithe ar fheirmeoirí beaga agus ar choimeádaithe éanlaithe cúlchlóis. Tá sé sin bunaithe ar thaighde a thugann le fios go mb'fhéidir nach mbeadh an grúpa sin chomh feasach céanna ar na rioscaí a bhaineann le fliú na n-éan agus ar na bearta ar féidir leo cabhrú lena scaipeadh a chosc. D'fhéadfadh dúshlán bhreise a bheith rompu freisin maidir lena gcur chun feidhme go comhsheasmhach.

Ar an gcuma chéanna, cé go mbeidh acmhainní ilteangacha ar fáil do chách lena n-úsáid, díreoidh an feachtas ar thíortha nó ar réigiúin ina bhfuil leibhéal ard táirgthe éanlaithe clóis agus arb iad na tíortha nó na réigiúin is mó a ndearna fliú éan difear dóibh le blianta beaga anuas. Áirítear orthu sin an Bheilg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ungáir, an Iodáil, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin agus an Spáinn.

Conas páirt a ghlacadh ann?

Bígí linn ag rá '#NoBirdFlu' trí acmhainní an fheachtais a roinnt le bhur líonraí.



Tá foireann uirlisí ar fáil ar [leathanach gréasáin](https://www.efsa.europa.eu/en/no-bird-flu) an fheachtais <https://www.efsa.europa.eu/en/no-bird-flu> i dteangacha uile an Aontais agus áirítear inti:

- dhá ghrafaic eolais ina bhfuil treoraíocht maidir leis na bearta atá le déanamh
- póstaer ar a bhfuil meabhrúcháin amhairc ar phríomhghníomhaíochtaí atá le comhtháthú i ngnáthaimh laethúla
- ábhar atá réidh le húsáid (físeán, greamáin, postálacha) do na meáin shóisialta chun cuidiú leis an teachtaireacht a scaipeadh laistigh de phobail na talmhaíochta agus níos faide i gcéin.

Má roinneann tú comhairle shoiléir phraiticiúil maidir le bithshlándáil feirme, is féidir leat cabhrú leis an riosca a bhaineann le fliú na n-éan a laghdú agus éanlaith chlóis a chosaint ar fud na hEorpa.

5 chéim i dtreo #NoBirdFlu

Tá acmhainn an fhoireann uirlisí bunaithe ar bhearta ar féidir le feirmeoirí nó aon duine a bhíonn ag obair ar fheirmeacha nó ar cuairt orthu iad a leanúint chun scaipeadh fhliú na n-éan a chosc agus a stopadh.

1. RIALÚ ROCHTANA

- Ná lig do dhaoine, d'fheithiclí, d'uirlisí ná do chliathbhoscaí teacht isteach san fheirm ach amháin nuair is gá.
- Díghalraigh duine ar bith agus rud ar bith a thagann isteach san fheirm, go háirithe má bhí siad i dteagmháil le héanlaith chlóis, le dramhaíl éanlaithe clóis nó le héin fhiáine le déanaí.
- Caith éadaí glana i gcónaí agus nigh do lámha agus do choisbheart agus tú ag dul isteach san fheirm.

2. GLANADH AMACH IOMLÁN

- **Díghalraigh agus glan gach saoráid go rialta**, go háirithe tar éis gach timthrialla táirgthe.
- Coinnigh limistéir **“ghlana”** (ina mbítear i dteagmháil le hainmhithe) agus limistéir **“shalacha”** (in aice leis an taobh amuigh) den fheirm scartha óna chéile go soiléir.
- Coinnigh beathú saor ó éilliú agus cuir uisce óil úr agus glan ar fáil do d'ealta.

3. GAN AON SPÁS D'ÉIN FHIÁINE

- Bain úsáid as díonta daingne, ballaí séalaithe agus fál teann le haghaidh clóis.
- Seachain beathú a bhogadh idir ealtaí éagsúla, agus déan cinnte de nach bhfuil aon uisce bodhar timpeall na feirme.
- Cosain limistéir lasmuigh le heangach nó clós sreinge, agus déan seiceáil le haghaidh poill nó bearnaí. D'fhéadfadh feistí scanraithe nó bacainní cabhrú le héin fhiáine a choinneáil amach freisin.

4. SPEICEAS AMHÁIN, SPÁS AMHÁIN

- Is ceart cineálacha éagsúla éanlaithe clóis amhail sicíní, lachain agus turcaithe, a **choinneáil scartha óna chéile** chun leathadh galair ó speiceas go chéile a sheachaint.



5. BÍ AIRDEALLACH AR NA COMHARTHAÍ

- Má thugann tú aon rud neamhghnách faoi deara maidir le d'ealta – laghdú ar iontógáil bia nó uisce, básanna tobanna, nó comharthaí eile galair, mar shampla – **déan é a thuairisciú láithreach** do do thréidlia nó d'údaráis sláinte áitiúla.
- Dá luaithe a ghníomhaíonn tú, is amhlaidh is fearr an seans go gcoscfaidh tú ráig thromchúiseach de fhliú na n-éan agus **go gcosnóidh tú d'ealta féin agus ealtaí eile in aice láimhe air.**